TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Comhdháil Chosanta Leanaí

Bileog Eolais do Dhaoine Óga

signs of safety®

Cen fáth ar thug tú an bhileog seo dom?

Thug muid an bhileog seo duit mar go bhfuil muid buartha faoi do shábháilteacht, agus tá rún againn cruinniú a thionól le labhairt faoin bhuairt seo leatsa agus le do theaghlach.

Cad is Comhdháil Chosanta Leanaí ann?

Is éard atá i gComhdháil Chosanta Leanaí ná cruinniú (ar a dtabharfar CCL ina dhiaidh seo) a thionóltar nuair a bhíonn buairt ann faoi do shábháilteacht nó faoi shábháilteacht duine i do theaghlach.

An bhfuil cead agam freastal ar an gCruinniú?

Tá, fad is go n-aontaíonn do thuismitheoirí, agus go bhfuil tú os cionn 12 bhliain d'aois is féidir leat freastal ar an gcruinniú ar fad nó cuid de. Má théann tú, tabharfaidh an Cathaoirleach am duit do thuairimí a chur in iúl dúinn (mínímid tuilleadh faoi seo ar leathanach 5).

Tá an bhileog seo ann le cuidiú leat a thuiscint cad é an chéad rud eile a tharlóidh

Cé eile a fhreastalóidh ar an gCruinniú?

- Daoine atá tábhachtach duit agus do do thuismitheoirí, agus ar féidir leo tú a choinnéail sábháilte - tugaímid an 'Gréasán Sábháilteachta' ar an ngrúpa seo
- Duine tacaíochta duitse amháin
- Duine tacaíochta do do thuismitheoirí nó do do chúramóirí
- Duine gairimiúil nó daoine gairimiúla atá ag obair leat anois nó a d'oibrigh leat roimhe seo cosúil le Múinteoir nó Comhairleoir
- Nótaire
- Oibrí Sóisialta de chuid Tusla agus a bhainisteoir
- Cathaoirleach an CCL

Cad a tharlóidh ag an gCruinniú?

Ag an gcruinniú, fiafrófar de dhaoine a oibríonn le do theaghlach an bhfuil siad i ndáiríre buartha go bhféadfadh tú a bheith i mbaol dochair. Más 'tá' an freagra air seo, cuirfimid d'ainm leis an gCóras Fógra um Chosaint Leanaí, (ar a dtabharfar an CPNS ina dhiaidh seo). Seo liosta a choimeádaimid de pháistí agus daoine óga atá i mbaol dochair sa bhaile.

Ag an gcruinniú, déanfaimid plean chun cuidiú le tú a dhéanamh níos sábháilte.

An bhfuil cead agam duine a thabhairt liom?

Tá, is féidir leat duine tacaíochta nó cara duine fásta iontofa a thabhairt leat, más maith leat. Labharfaidh d'Oibrí Sóisialta leat faoi seo.
Má bhíonn ateangaire nó comharthóir de dhíth ort, cuirfidh d'Oibrí Sóisialta duine oiriúnach ar fáil.

Cé a bheidh i gceannas an Chruinnithe?

Beidh Cathaoirleach CCL i gceannas ar an gcruinniú. Labhróidh an Cathaoirleach leat roimh an gcruinniú agus freagróidh sé aon cheisteanna atá agat. Míneoidh siad conas a reáchtálfar an cruinniú agus cabhróidh siad leat cinneadh a dhéanamh conas do thuairimí a thabhairt ag an gcruinniú.

Cá fhad a mhairfidh sé?

Is dócha go mairfidh sé thart ar uair go leith, agus b'fhéidir níos faide.

Cad é a bhfuil sé mar aidhm ag an gCruinniú a Dhéanamh?

Is é aidhm an chruinnithe ná a chinntiú go bpléifidh tú na rudaí tábhachtacha ar fad faoi do shábháilteacht. Beidh gach duine ag an gcruinniú in ann a dtuairim a thabhairt.

Cad a dhéanann an Cathaoirleach?

Cinnteoidh an Cathaoirleach go gcloisfear do thuairimí. Cabhróidh siad freisin le gach duine breathnú ar:

- Cad iad na hábhair imní
- Cad atá ag obair go maith do do theaghlach
- Cad a chaithfidh tarlú chun a chinntiú go bhfuil tú sábháilte

Cinnfidh na daoine gairmiúla a bheidh ag freastal ar an gcomhdháil an bhfuil tú i mbaol leanúnach dochair. Má cheapann siad go bhfuil, cuirfimid d'ainm leis an gCóras Fógra um Chosaint Leanaí (CFCL).
Ag an gComhdháil, iarrfaimid smaointe agus réitigh maidir le conas an seans go ndéanfar dochar a réiteach. Má tá plean ag teastáil, úsáidfimid an t-aiseolas seo chun cabhrú linn féin Plean Sábháilteachta Chomhdháil Chosanta Leanaí (CCL) a chur le chéile.

Cad é an chéad rud eile a tharlóidh?

Oibreoidh d'Oibrí Sóisialta in éineacht leat féin, le do theaghlach, agus le do Ghréasán Sábháilteachta le chéile ag an gcomhdháil agus i gcruinnithe gréasáin tar éis na comhdhála chun comhaontú níos mine a dhéanamh ar cad a dhéanfaidh gach duine chun a chinntiú go mbíonn tú sábháilte i gcónaí.

Tugtar Plean Sábháilteachta um Chosaint Leanaí ar an bplean seo. Tar éis é a scríobh, buailfidh gach duine le chéile go rialta féachaint conas atá ag éirí leis an bplean.
Laistigh de 6 mhí ón gcruinniú seo, beidh comhdháil eile ann, féachaint an bhfuil:

- Plean Sábháilteachta CCL fós ag teastáil uait mar a aistrítear leanaí den CFCL nuair a shroichtear an tairseach de riosca leanúnach dochair ach ar minic go mbíonn Plean Sábháilteachta fós i bhfeidhm acu.
- Tú sábháilte go leor chun an Chomhdháil um Chosaint Leanaí a dhúnadh.

Má tá tú sábháilte anois, ní bheidh d'ainm 'gníomhach' ar an liosta CFCL a thuilleadh. Seans go leanfaidh muid ar aghaidh ag obair leat, le do theaghlach agus leis an nGréasán Sábháilteachta le fáil amach cad a chaithfidh tarlú go fóill sular féidir le do chás a bheith druidte ag Tusla. Ar do 18ú breithlá, scriosfar do thaifead ón CFCL.

Aiseolas

D'fhéadfadh an Cathaoirleach a fhiafraí díot cad é a shíl tú den CCL. Bíonn sé ina chuidiú mór againn, má thuigimid:

- An méid a chuidigh leat páirt a ghlacadh sa CPC chomh mór agus ba mhaith leat
- An méid a bhí cuidiúil ann

Fáiltímid roimh do chuid smaointe faoi conas a d'fhéadfadh Tusla an CPC a fheabhsú do dhaoine óga agus do thuismitheoirí. Bainfimid úsáid as an aiseolas seo chun na cruinnithe seo a fheabhsú amach anseo.

Rúndacht

Is dóigh linn go bhfuil sé fíorthábhachtach eolas fút a choinneáil príobháideach agus gan é a roinnt ach le daoine a chabhróidh leis an bplean sábháilteachta.

Próiseálfar do shonraí pearsanta de réir na reachtaíochta ábhartha um chosaint sonraí agus ceanglais dhlíthiúla eile a bhfuil dualgas ar Tusla cloí leo. Tá sonraí iomlána ar Pholasaí Príobháideachta Tusla (ina leagtar amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas maidir le do cheart mar ábhar sonraí) ar fáil sa Rannán Fúinn (Saoirse Faisnéise, Cosaint Sonraí agus Rochtain Riaracháin) ar ***www.tusla .ie***

TUSLA

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

www.tusla.ie